BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Chéad Dlísheomra)

29 Iúil 2024*

(Tarchur chun réamhrialú – Beartas sóisialta – Airteagal 157 CFAE – Cóir chomhionann idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha – Treoir 2006/54/CE – Airteagal 2(1)(b) agus an chéad mhír d'Airteagal 4 – Toirmeasc ar idirdhealú indíreach ar bhonn inscne – Obair pháirtaimseartha – Treoir 97/81/CE – Comhaontú réime maidir le hobair pháirtaimseartha – Clásal 4 – Toirmeasc ar chaitheamh le hoibrithe páirtaimseartha ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna le hoibrithe lánaimseartha inchomparáide – Méadú ar phá a íoc as ragobair a dhéanann oibrithe páirtaimseartha amháin thar na gnáthuaireanta oibre atá socraithe d'oibrithe lánaimseartha)

I gCásanna Uamtha C-184/22 agus C-185/22,

IARRATAÍ ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE, ón Bundesarbeitsgericht (Cúirt Oibreachais na Cónaidhme, an Ghearmáin), trí bhreitheanna an 28 Deireadh Fómhair 2021, a fuarthas ag an gCúirt an 10 Márta 2022, sna himeachtaí

IK (C-184/22),

CM (C-185/22)

v

KfH Kuratorium für Dialyse und Nierentransplantation eV,

tugann AN CHÚIRT (an Chéad Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas A. Arabadjiev, Uachtarán Dlísheomra, T. von Danwitz, P.G. Xuereb, A. Kumin (Rapóirtéir) agus I. Ziemele, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: A. Rantos,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– IK, ag J. Windhorst, Rechtsanwältin,

* Teanga an cháis: an Ghearmáinis.

– KfH Kuratorium für Dialyse und Nierentransplantation eV, ag K. M. Weber, Rechtsanwalt,

– Rialtas na Danmhairge, ag J. F. Kronborg, C. Maertens agus V. Pasternak Jørgensen, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Polainne, ag B. Majczyna, i gcáil Gníomhaire,

– Rialtas na hIorua, ag T. Hostvedt Aarthun agus I. Thue, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag D. Recchia, E. Schmidt agus A. Szmytkowska, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 16 Samhain 2023,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann na hiarrataí ar réamhrialú le léiriú Airteagal 157 CFAE, Airteagal 2(1)(b) agus an chéad mhír d'Airteagal 4 de Threoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha (IO 2006 L 204, lch. 23), agus Clásal 4(1) agus (2) den Chomhaontú Réime maidir le hobair pháirtaimseartha, a tugadh chun críche an 6 Meitheamh 1997 ('an Comhaontú Réime'), atá i gceangal le Treoir 97/81/CE ón gComhairle an 15 Nollaig 1997 i ndáil leis an gComhaontú Réime maidir le hobair pháirtaimseartha arna thabhairt i gcrích ag UNICE, CEEP agus ETUC (IO 1998 L 14, lch. 9).

2 Rinneadh na hiarrataí seo in imeachtaí idir IK (C-184/22) agus CM (C-185/22) agus a bhfostóir, KfH Kuratorium für Dialyse und Nierentransplantation eV, maidir le méadú ar phá a íoc as ragobair de bhreis ar na gnáthuaireanta oibre arna gcomhaontú ina gconarthaí fostaíochta.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

Treoir 2006/54,

3 Foráiltear mar seo a leanas in aithris 30 de Threoir 2006/54:

'…Is gá … a shoiléiriú gur ábhar fós don chomhlacht náisiúnta ábhartha i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta é an tuiscint ar na fíorais ónar féidir a thoimhdiú go ndearnadh idirdhealú díreach nó indíreach. …' [Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear le hAirteagal 2(1)(b) agus (e) de Threoir 2006/54:

'Chun críocha na Treorach seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

…

(b) “idirdhealú indíreach”: i gcás ina gcuirfeadh foráil, critéar nó cleachtas a dhealraíonn a bheith neodrach daoine d'inscne amháin faoi mhíbhuntáiste ar leith i gcomparáid le daoine den inscne eile, ach amháin má tá údar oibiachtúil leis an bhforáil, leis an gcritéar nó leis an gcleachtas sin ar mhaithe le haidhm dhlisteanach, agus má tá na modhanna chun an aidhm sin a bhaint amach iomchuí agus riachtanach;

…

(e) “pá”: an gnáthphá nó an gnáth-thuarastal bunaidh nó íosta agus aon chomaoin eile, in airgead nó i gcomhchineál, a fhaigheann an t-oibrí, go díreach nó go hindíreach, óna fhostóir nó óna fostóir as ucht a fhostaíochta nó a fostaíochta’. [Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Foráiltear le hAirteagal 4 den treoir sin, sa chéad mhír di, dar teideal, ‘Idirdhealú a thoirmeasc’:

‘Cuirfear deireadh le hidirdhealú díreach agus indíreach ar bhonn inscne i ndáil le gach gné agus gach coinníoll luacha saothair as an obair chéanna nó an obair dá dtugtar an luach comhionann.’ [Aistriúchán neamhoifigiúil]

An Comhaontú Réime

6 Sonraítear i gClásal 1(a) den Chomhaontú Réime gurb é cuspóir an chomhaontaithe sin ‘foráil a dhéanamh chun deireadh a chur le hidirdhealú i leith oibrithe páirtaimseartha agus chun caighdeán na hoibre páirtaimseartha a fheabhsú’. [Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Foráiltear an méid seo a leanas le Clásal 2(1) den Chomhaontú Réime:

‘Baineann an Comhaontú seo le hoibrithe páirtaimseartha a bhfuil conradh fostaíochta nó caidreamh fostaíochta leo mar a shainmhínítear sa dlí, i gcomhaontú comhchoiteann nó sa chleachtas atá i bhfeidhm i bhfeidhm i ngach Ballstát.’ [Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Mar atá leagtha amach i gClásal 3 den Chomhaontú Réime:

‘Chun críoch an chomhaontaithe seo:

Tagraíonn an téarma “oibrí páirtaimseartha” d’fhostaí a bhfuil a ghnáthuaireanta oibre, arna ríomh ar bhonn seachtainiúil nó ar an meán thar thréimhse fhostaíochta suas le bliain amháin, níos lú ná gnáthuaireanta oibre d’oibrí lánaimseartha inchomparáide.

Ciallaíonn an téarma “oibrí lánaimseartha inchomparáide” oibrí lánaimseartha sa bhunaíocht chéanna a bhfuil an cineál céanna conartha fostaíochta nó caidrimh leis, atá ag gabháil don obair chéanna nó d’obair/gairm chomhchosúil, agus aird chuí á tabhairt ar chúinsí eile ina bhféadfadh sinsearacht agus cáilíocht/scileanna a bheith san áireamh.

…’ [Aistriúchán neamhoifigiúil]

9 Faoin gceannteideal ‘Prionsabal an neamh-idirdhealaithe’, foráiltear le Clásal 4 den Chomhaontú Réime, ag pointí 1 agus 2:

‘1. Maidir le coinníollacha fostaíochta, ní dhéileálfar le hoibrithe páirtaimseartha ar bhealach is lú fabhar ná le buanoibrithe inchomparáide toisc go n-oibríonn siad ar bhonn páirtaimseartha, ach amháin má tá bonn cirt le cóir éagsúil ar fhorais oibiachtúla.

2. I gcás inarb iomchuí, beidh feidhm ag an bprionsabal pro rata temporis.’

Dlí na Gearmáine

10 Faoi Mhír 1 den Allgemeines Gleichbehandlungsgesetz (Dlí Ginearálta um Chóireáil Chomhionann) an 14 Lúnasa, 2006 (BGBl. 2006 I, lch. 1897), sa leagan is infheidhme maidir leis na díospóidí sna príomhimeachtaí (‘AGG’), dar teideal ‘Cuspóir an Dlí’:

‘Is é cuspóir an dlí seo aon idirdhealú ar fhorais cine nó bunús eitneach, inscne, reiligiúin nó creidimh, míchumais, aoise nó claonadh gnéis a chosc nó deireadh a chur leis.’

11 Sonraítear i mír 7 de AGG nach bhféadtar idirdhealú a dhéanamh i leith oibrithe ar aon cheann de na forais atá leagtha amach i mír 1 den dlí sin, lena n-áirítear inscne.

12 Dar teideal ‘Cúiteamh agus damáistí’, tá na focail seo a leanas i mír 15 den dlí sin:

‘(1) I gcás aon sárú ar an toirmeasc ar idirdhealú, tabharfaidh an fostóir cúiteamh don damáiste a éireoidh as. …

(2) I gcás nach caillteanas eacnamaíoch é an damáiste a eascraíonn as, féadfaidh an t-oibrí cúiteamh airgid iomchuí a lorg. …’ [Aistriúchán neamhoifigiúil]

13 Foráiltear le Mír 3 den Gesetz zur Förderung der Entgelttransparenz zwischen Frauen und Männern (Entgelttransparenzgesetz) (Dlí maidir le trédhearcacht pá idir mná agus fir a chur chun cinn an 30 Meitheamh 2017 (BGBl. 2017 I, lch. 2152), sa leagan is infheidhme maidir leis na díospóidí sna príomhimeachtaí, dar teideal ‘Toirmeasc ar idirdhealú díreach agus indíreach inscne maidir le pá’, i bhfomhír 1:

‘Cuirfear toirmeasc le hidirdhealú díreach agus indíreach ar bhonn inscne i ndáil le gach gné agus gach coinníoll pá as an obair chéanna nó an obair dá dtugtar an luach comhionann.’

14 Dar teideal, ‘Ceanglas um pá comhionann’, foráiltear le Mír 7 den dlí sin:

‘I gcaidrimh fostaíochta, ní féidir luach saothair as an obair chéanna nó as obair dá dtugtar an luach comhionann a chomhaontú nó a íoc ar ráta níos ísle mar gheall ar inscne an oibrí ná mar atá iníoctha le hoibrí den inscne eile.’

15 Foráiltear an méid seo a leanas i bhfomhír 1 de Mhír 4 den Gesetz über Teilzeitarbeit und befristete Arbeitsverträge (Dlí maidir le hobair pháirtaimseartha agus obair téarma shocraithe) an 21 Nollaig 2000 (BGBl. 2000 I, lch. 1966), sa leagan is infheidhme maidir leis na díospóidí sna príomhimeachtaí, dar teideal ‘Toirmisc ar idirdhealú’:

‘Ní chaithfear le hoibrí páirtaimseartha ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna le hoibrí lánaimseartha inchomparáide mar gheall ar obair pháirtaimseartha mura bhfuil cúiseanna oibiachtúla

ann lena dtugtar údar le difríocht sa chóireáil. Ní mór d'oibrí páirtaimseartha luach saothair inroinnte nó comaoin eile a fháil, nach mór dá mhéid a bheith ag freagairt ar a laghad don chion dá am oibre nó dá ham oibre i gcomparáid le cion d'oibrí lánaimseartha inchomparáide.'

16 Foráiltear le mír 10 den Manteltarifvertrag (Comhaontú Ginearálta) ('MTV'), arna thabhairt i gcrích idir Vereinte Dienstleistungsgewerkschaft eV (ver.di) (Aontas Earnáil na Seirbhíse Aontaithe) agus an cosantóir sna príomhimeachtaí, dar teideal 'Am oibre':

'1. Is é an gnátham oibre seachtainiúil d'fhostaí lánaimseartha ná 38.5 uair an chloig ar an meán, gan sosanna a áireamh.

…

Is é 7 n-uaire 42 nóiméad an gnátham oibre laethúil d'fhostaí lánaimseartha.

…

6. Más gá ragobair de bharr an ualaigh oibre, tabharfar sainordú dó sin i bprionsabal. … Beidh ragobair teoranta do chásanna práinne agus déanfar é a dháileadh chomh cothrom agus is féidir ar na fostaithe go léir.

7. Sainmhínítear ragobair mar uaireanta sainordaithe arna n-oibriú, ar bhonn uainchláir nó ar bhonn rialta, de bhreis ar na huaireanta sin a chomhdhéanann an gnátham oibre … Íocfar pá breise i gcomhréir le mír 13, fomhír 1, dá bhun, as ragobair arna hoibriú de bhreis ar uaireanta oibre an fhostaí lánaimseartha i mí fhéilire agus nach féidir a fhritháireamh sa mhí fhéilire lena mbaineann le ham saor ina ionad.

…'

17 Sonraítear i Mír 13 de MTV, dar teideal 'Pá ragoibre, forlíontaí agus cúiteamh as obair ag uaireanta neamhshóisialta':

'1. Is ionann an cúiteamh do ragobair de réir Mír10(7) den MTV agus 1/167ú den ráta míosúil in aghaidh na huaire ragoibre. Is ionann an pá ragoibre de bhun an dara habairt de Mhír 10(7) agus 30%.

…'

Na díospóidí sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

18 Is soláthraí de sheirbhísí scagdhealaithe othar seachtrach é an cosantóir sna príomhimeachtaí a oibríonn ar fud Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine.

19 Ceanglaítear ar IK agus CM, atá fostaithe ag KfH Kuratorium für Dialyse und Nierentransplantation eV mar chúntóirí cúraim páirtaimseartha, faoina gconarthaí fostaíochta, 40% agus 80% faoi seach de ghnáthuaireanta oibre seachtainiúla fostaí lánaimseartha a dhéanamh, atá socraithe ag 38.5 uair an chloig le Mír 10 de MTV.

20 Ag glacadh leis an tuairim go gceanglaítear ar an gcosantóir sna príomhimeachtaí pá breise a íoc leo i leith ragoibre a oibríodh, de réir Mhír 10(7) de MTV, nó creidmheas ama a chomhfhreagraíonn don phá breise is iníoctha a iontráil ina chuntais choigiltis ama, thionscain na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí caingean os comhair an Arbeitsgericht (an Chúirt Oibreachais, an Ghearmáin) ag iarraidh creidmheas ama a fháil a chomhfhreagraíonn don phá breise is iníoctha agus cúiteamh faoi Mhír 15(2) de AGG.

21 Mar thaca lena gcaingean, mhaígh na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí, trí mhainneachtain aon chreidmheas ama a iontráil ina gcuntais choigiltis ama a chomhfhreagraíonn don phá breise is iníoctha agus gan aon phá breise a íoc leo i leith ragoibre a d'oibrigh siad de bhreis ar na huaireanta oibre arna gcomhaontú ina gconradh fostaíochta, gur chaith an cosantóir sna príomhimeachtaí leo ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna le fostaithe lánaimseartha ar an bhforas gur oibrigh siad go páirtaimseartha. Ina theannta sin, maíonn siad go ndearnadh idirdhealú indíreach dóibh ar bhonn inscne sa mhéid is go bhfostaíonn an cosantóir sna príomhimeachtaí mná go príomha ar bhonn páirtaimseartha.

22 Tar éis don Arbeitsgericht (an Chúirt Oibreachais) na caingne sin a dhíbhe, rinne na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí achomharc i gcoinne bhreithiúnais na cúirte sin chuig Landesarbeitsgericht Hessen (Cúirt Oibreachais Uachtarach Hesse, an Ghearmáin), a d'ordaigh don chosantóir sna príomhimeachtaí creidmheas a chur isteach i gcuntais choigiltis ama na n-iarratasóirí le creidmheasanna ama a chomhfhreagraíonn don phá breise a bhí is iníoctha as an ragobair a d'oibrigh siad, ach a dhiúltaigh d'éileamh na n-iarratasóirí ar chúiteamh faoi Mhír 15(2) de AGG.

23 Thionscain na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí achomharc ar phointe dlí os comhair na cúirte a rinne an tarchur don Bundesarbeitsgericht (Cúirt Oibreachais na Cónaidhme, an Ghearmáin), ag lorg go n-íocfaí an cúiteamh sin. Thug an cosantóir sna príomhimeachtaí crosachomharc os comhair na cúirte sin i gcoinne an ordaithe dó creidmheasanna ama a chur chun sochair cuntais coigiltis ama na n-iarratasóirí.

24 Measann an chúirt a rinne an tarchur, d'fhonn rialú a dhéanamh ar an gceart chun damáistí, de réir bhrí Alt 15 de AGG, de na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí, gur gá a aimsiú cibé an ndearnadh idirdhealú ina gcoinne ar bhonn inscne, de shárú ar Alt 7 de AGG.

25 Measann an chúirt a rinne an tarchur freisin, d'fhonn rialú a dhéanamh ar an gcrosachomharc a thionscain an cosantóir sna príomhimeachtaí i gcoinne an ordaithe dó creidmheasanna ama a chur chun sochair cuntais coigiltis ama na n-iarratasóirí, gurb é an toisc chinntitheach ná cibé an ndearnadh nó nach ndearnadh idirdhealú ina gcoinne ar an bhforas go bhfuil siad fostaithe ar bhonn páirtaimseartha.

26 Sna himthosca sin, chinn an Bundesarbeitsgericht (Cúirt Oibreachais na Cónaidhme) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú, ceisteanna atá i dtéarmaí comhionanna i gCásanna Uamtha C-184/22 agus C-185/22:

‘(1) An bhfuil Airteagal 157 CFAE agus Airteagal 2(1)(b) agus [an chéad mhír] d'Airteagal 4 de [Treoir 2006/54/CE] le léiriú sa chaoi go mbaineann difríocht cóireála idir fostaithe lánaimseartha agus fostaithe páirtaimseartha le comhaontú comhchoiteann náisiúnta faoina bhforáiltear nach n-íocfar forlíonadh pá le haghaidh ragoibre ach amháin i gcomhair uaireanta de bhreis ar ghnáthuaireanta fostaithe lánaimseartha?

(2) Má thugann an Chúirt Bhreithiúnais freagra dearfach ar Cheist 1:

(a) An bhfuil Airteagal 157 CFAE agus Airteagal 2(1)(b) agus [an chéad mhír] d'Airteagal 4 de [Treoir 2006/54/CE] le léiriú sa chaoi, i gcás den sórt sin, nach leor go bhfuil i bhfad níos mó ban ná fear i measc na bhfostaithe páirtaimseartha chun tacú le cinneadh go dtéann an difríocht cóireála i bhfeidhm ar i bhfad níos mó ban ná fear, ach freisin go gcaithfidh sé go bhfuil i bhfad níos mó fear nó go bhfuil cionroinnt na bhfear i bhfad níos airde i measc na n-oibrithe lánaimseartha?

(b) Nó an leanann rud éigin eile, maidir le hAirteagal 157 CFAE agus [Treoir 2006/54] ó chinntí na [Cúirte Breithiúnais] i míreanna 25 go 36 [dá] bhreithiúnas [an 26 Eanáir 2021,] in Szpital Kliniczny im. dra J. Babińskiego Samodzielny Publiczny Zaktad Opieki Zdrowotnej w Krakowie [(C-16/19, EU:C:2021:64)], ar dá réir is féidir difríocht cóireála fiú laistigh de ghrúpa daoine faoi mhíchumas a bheith cuimsithe leis an gcoincheap maidir le "idirdhealú" dá dtagraítear in Airteagal 2 de [Treoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha [(IO 2000 L 303, lch. 16)]?

(3) Sa chás go dtugann an Chúirt Bhreithiúnais freagra dearfach ar Cheist 1 agus go bhfreagraíonn sí Ceisteanna 2(a) agus 2(b) sa chaoi gur féidir a chinneadh i gcás amhail an cás atá i gceist sna príomhimeachtaí go dtéann an difríocht sa phá i bhfeidhm ar i bhfad níos mó ban ná fear, an bhfuil Airteagal 157 CFAE agus Airteagal 2(1)(b) agus an [chéad mhír] d'Airteagal 4 de Threoir 2006/54/CE le léiriú sa chaoi gur féidir gur cuspóir dlisteanach d'fhoráil amhail í sin dá dtagraítear i gCeist 1 é, ar thaobh amháin, an cuspóir a shaothrú chun an fostóir a dhíspreagadh ó ragobair a leagan ar fhostaithe agus ó chúiteamh a thabhairt as fostaithe a chur ag obair lasmuigh de na huaireanta comhaontaithe trí fhorlíonadh pá le haghaidh ragoibre, ach freisin an cuspóir a shaothrú chun cóireáil níos lú fabhair d'fhostaithe lánaimseartha ná d'fhostaithe páirtaimseartha a chosc agus chun foráil a dhéanamh, dá bhrí sin, go mbeidh forlíonadh pá iníoctha i leith ragoibre de bhreis ar uaireanta oibre fostaithe lánaimseartha i mí fhéilire, agus ina leith sin amháin?

(4) An bhfuil Clásal 4(1) den Chomhaontú Réime maidir le hobair pháirtaimseartha a ghabhann le [Treoir 97/81] le léiriú sa chaoi go mbaineann difríocht cóireála idir fostaithe lánaimseartha agus fostaithe páirtaimseartha le foráil i gcomhaontú comhchoiteann náisiúnta sa chaoi nach bhfuil forlíonadh pá le haghaidh ragoibre iníoctha ach amháin le haghaidh na n-uaireanta de bhreis ar ghnáthuaireanta oibre fostaí lánaimseartha?

(5) Sa chás go dtugann an Chúirt Bhreithiúnais freagra dearfach ar Cheist 4, an gcaithfear Clásal 4(1) den [Comhaontú Réime atá i gceangal le Treoir 97/81] a léiriú sa chaoi gur féidir go bhféadfadh foras oibiachtúil a bheith ann do na páirtithe i gcomhaontú comhchoiteann, trí fhoráil amhail í sin dá dtagraítear i gCeist 4, ar thaobh amháin, an cuspóir a shaothrú chun an fostóir a dhíspreagadh ó ragobair a leagan ar fhostaithe agus ó chúiteamh a thabhairt as fostaithe a chur ag obair lasmuigh de na huaireanta comhaontaithe trí fhorlíonadh pá le haghaidh ragoibre, ach freisin an cuspóir a shaothrú chun cóireáil níos lú fabhair d'fhostaithe lánaimseartha ná d'fhostaithe páirtaimseartha a chosc agus chun foráil a dhéanamh, dá bhrí sin, go mbeidh forlíonadh pá iníoctha i leith ragoibre de bhreis ar uaireanta oibre fostaithe lánaimseartha i mí féilire, agus ina leith sin amháin?'

27 Le cinneadh ó Uachtarán na Cúirte an 19 Aibreán 2022, rinneadh Cásanna C-184/22 agus C-185/22 a uamadh chun críocha na gcodanna i scríbhinn agus na gcodanna ó bhéal den nós imeachta agus den bhreithiúnas.

Breithniú ar na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

An cheathrú agus an cúigiú ceist

28 Lena ceathrú agus lena cúigiú ceist, ar iomchuí iad a scrúdú le chéile agus sa chéad áit, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Clásal 4(1) agus (2) den Chomhaontú Réime a léiriú sa chaoi gurb ionann reachtaíocht náisiúnta faoina ndéantar tuarastal breise le haghaidh ragoibre a sholáthar d'oibrithe páirtaimseartha, i gcás uaireanta an chloig a oibríodh de bhreis ar na gnáthuaireanta oibre a leagtar síos d'oibrithe lánaimseartha i gcás inchomparáide, agus sa chás sin amháin, agus cóir 'níos mífhabhraí' d'oibrithe páirtaimseartha, de réir bhrí Chlásal 4(1), cibé an bhféadfaidh cóireáil den sórt sin údar a thabhairt leis tríd an gcuspóir a shaothrú, ar an gcéad dul síos, fostóirí a dhíspreagadh ó cheangal a chur ar oibrithe ragobair a dhéanamh thar na huaireanta oibre a comhaontaíodh ina n-aonar ina gconarthaí fostaíochta agus, ar an dara dul síos, an cuspóir cosc a chur ar chaitheamh le hoibrithe lánaimseartha ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna le hoibrithe páirtaimseartha.

29 Mar réamhphointe, ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil aon díospóid ann, sa chás seo, gur oibrithe páirtaimseartha de réir bhrí Chlásal 3 den Chomhaontú Réime iad na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí. Ná níl aon díospóid ach oiread go bhfuil feidhm ag MTV maidir lena gconarthaí fostaíochta.

30 Maidir le léiriú ar Chlásal 4 den Chomhaontú Réime, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, go bhféachtar leis an gcomhaontú obair pháirtaimseartha a chur chun cinn chomh maith le deireadh a chur le hidirdhealú idir oibrithe páirtaimseartha agus oibrithe lánaimseartha, mar a luaitear go sainráite i gClásal 1(a) den Chomhaontú Réime(breithiúnas an 19 Deireadh Fómhair 2023, Lufthansa CityLine, C-660/20, EU:C:2023:789, mír 36 agus an cásdlí dá dtagraítear).

31 I bhfianaise na gcuspóirí sin, ní mór Clásal 4 den Chomhaontú Réime a léiriú mar phrionsabal de dhlí sóisialta an AE nach féidir a léiriú go sriantach (breithiúnas an 19 Deireadh Fómhair 2023, Lufthansa CityLine C-660/20, EU:C:2023:789, mír 38 agus an cásdlí dá dtagraítear).

32 Ansin, de réir an chuspóra deireadh a chur le hidirdhealú idir oibrithe páirtaimseartha agus oibrithe lánaimseartha, atá leagtha amach i gClásal 1(a) den Chomhaontú Réime, foráiltear le Clásal 4 den Chomhaontú Réime sin, maidir le coinníollacha fostaíochta, nach gcaithfear le hoibrithe páirtaimseartha ar bhealach is lú fabhar ná le buanoibrithe inchomparáide de bharr go n-oibríonn siad go páirtaimseartha agus de bharr é sin amháin, mura bhfuil údar maith le caitheamh éagsúil ar fhorais oibiachtúla (breithiúnas an 19 Deireadh Fómhair 2023, Lufthansa CityLine, C-660/20, EU:C:2023:789, mír 39 agus an cásdlí dá dtagraítear).

33 Ina theannta sin, chinn an Chúirt go bhfuil sé mar aidhm ag an gclásal sin prionsabal an neamh-idirdhealaithe a chur i bhfeidhm maidir le hoibrithe páirtaimseartha chun cosc a chur ar fhostóir caidreamh fostaíochta den chineál sin a úsáid chun na cearta atá aitheanta d'oibrithe lánaimseartha a bhaint de na hoibrithe sin (breithiúnas an 19 Deireadh Fómhair 2023, Lufthansa CityLine, C-660/20, EU:C:2023:789, mír 40 agus an cásdlí dá dtagraítear).

34 Mar sin, sa chéad áit maidir leis, sa chás seo, an cheist an dtagann pá ragoibre faoi chuimsiú an choincheapa "coinníollacha fostaíochta" dá dtagraítear i gClásal 4(1) den Chomhaontú Réime, ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuil an Chúirt tar éis a chinneadh cheana féin go gcuimsítear leis an gcoincheap sin coinníollacha pá (breithiúnas an 19 Deireadh Fómhair 2023, Lufthansa CityLine, C-660/20, EU:C:2023:789, mír 41 agus an cásdlí dá dtagraítear).

35 Sa dara háit, maidir le hinchomparáideacht staideanna daoine a oibríonn mar chúntóirí cúraim lánaimseartha agus cásanna daoine a oibríonn mar chúntóirí cúraim páirtaimseartha, amhail na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí, ní mór a mheabhrú, de réir cásdlí socair, d'fhonn a mheasúnú an bhfuil daoine ag gabháil d'obair chéanna nó d'obair chomhchosúil chun críocha Chlásal 3(2) den Chomhaontú Réime, ní mór a chinneadh an bhféadtar, i bhfianaise roinnt fachtóirí, amhail cineál na hoibre, riachtanais oiliúna agus coinníollacha oibre, a mheas go bhfuil na daoine sin i staid inchomparáide (breithiúnas an 19 Deireadh Fómhair 2023, Lufthansa CityLine, C-660/20, EU:C:2023:789, mír 44 agus an cásdlí dá dtagraítear).

36 I gcás ina suífear, nuair a bhí siad fostaithe, go ndearna oibrithe páirtaimseartha na dualgais chéanna le hoibrithe a bhí fostaithe go lánaimseartha ag an bhfostóir céanna nó go raibh an post céanna acu, is gá, i bprionsabal, na cásanna den dá chatagóir oibrithe sin a mheas mar chásanna atá inchomparáide (breithiúnas an 19 Deireadh Fómhair 2023, Lufthansa CityLine, C-660/20, EU:C:2023:789, mír 45 agus an cásdlí dá dtagraítear).

37 Chuige sin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur faoin gcúirt náisiúnta, a bhfuil an dlínse aici amháin, atá sé na fíorais a mheasúnú, a chinneadh an bhféadtar, i bhfianaise cineál iarbhír na ngníomhaíochtaí a dhéanann na hoibrithe lena mbaineann, luach comhionann a thabhairt dóibh (breithiúnas an 3 Meitheamh 2021, Tesco Stores, C-624/19, EU:C:2021:429, mír 30 agus an cásdlí dá dtagraítear).

38 Sa chás seo, faoi réir fíoraithe ag an gcúirt a rinne an tarchur, dealraíonn sé nach gcuireann an cosantóir sna príomhimeachtaí i gcoinne go bhfuil na seirbhísí a sholáthraíonn na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí inchomparáide leo sin a dhéanann na hoibrithe a fhostaíonn sé ar bhonn páirtaimseartha.

39 Sa tríú háit, maidir leis an gceist an bhfuil difríocht sa chóireáil idir daoine atá ag obair mar chúntóirí cúraim pháirtaimseartha, amhail na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí, agus daoine atá ag obair mar chúntóirí cúraim lánaimseartha, is léir ó na horduithe tarchuir nach bhfaigheann cúntóir cúraim páirtaimseartha forlíonadh tuarastail le haghaidh ragoibre ach amháin i leith uaire a oibrítear de bhreis ar an ngnátham oibre seachtainiúil de dhuine atá ag obair mar chúntóir cúraim lánaimseartha, arb ionann é, sa chás seo, agus 38.5 uair an chloig faoi Mhír 10(1) de MTV.

40 Mar sin, ní mór do dhuine atá ag obair mar chúramóir páirtaimseartha an líon céanna uaireanta a oibriú agus a oibríonn duine atá ag obair mar chúntóir cúraim lánaimseartha chun an pá breise as ragobair a fháil, beag beann ar na gnáthuaireanta oibre arna gcomhaontú ina aonar sa chonradh fostaíochta den duine sin a oibríonn mar chúntóir cúraim páirtaimseartha, agus dá thoradh sin nach féidir leis nó léi an líon uaireanta oibre a theastaíonn a bhaint amach, nó go bhfuil dóchúlacht i bhfad níos ísle aige nó aici déanamh amhlaidh ná mar atá ag duine a oibríonn mar dhuine chúntóir cúraim lánaimseartha, an líon uaireanta oibre a theastaíonn chun an pá breise sin a fháil.

41 Cé gur dealraitheach, mar a shonraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bhfuil an luach saothair as ragobair comhionann do dhaoine atá ag obair mar chúntóirí cúraim páirtaimseartha agus do dhaoine atá ag obair mar chúntóirí cúraim lánaimseartha, a mhéid nach dtagann an ceart chun pá breise den sórt sin chun cinn ach amháin nuair a bhíonn sé os cionn na tairsí de 38.5 uair sa tseachtain do na daoine sin go léir, ba cheart a thabhairt faoi deara, mar sin féin, gurb ionann socrú na tairsí aonfhoirmeacha sin do dhaoine atá ag obair mar chúntóirí cúraim lánaimseartha agus do dhaoine atá ag obair mar chúntóirí cúraim pháirtaimseartha, do na daoine deiridh sin, i

bhfianaise an ghnáthama oibre arna chomhaontú ina gconarthaí, agus ualach níos mó sa mhéid nach mbeadh teidlíocht forlíonta mar thoradh ar chuid de na huaireanta oibre a sháraíonn an gnátham oibre sin ar a laghad, cé go dtugtar luach saothair dóibh. Faigheann daoine atá ag obair mar chúntóirí cúraim lánaimseartha forlíonadh ragoibre ón gcéad uair an chloig oibre a dhéantar thar na gnáthuaireanta oibre a bhaineann leo, is é sin le rá, 38.5 uair sa tseachtain, ach ní fhaigheann daoine atá ag obair mar chúntóirí cúraim páirtaimseartha forlíonadh le haghaidh uaireanta oibre thar na gnáthuaireanta oibre arna gcomhaontú ina gconarthaí fostaíochta ach faoi bhun na ngnáthuaireanta oibre atá socraithe do dhaoine atá ag obair mar chúntóirí cúraim lánaimseartha.

42 Mar sin, caitear go míchothrom le daoine atá ag obair mar chúntóirí cúraim páirtaimseartha a oibríonn uaireanta de bhreis ar an ngnátham oibre arna chomhaontú ina gconarthaí fostaíochta gan pá breise i gcomparáid le daoine atá ag obair mar chúntóirí cúraim lánaimseartha a raibh i dteideal pá breise de bharr gur oibrigh siad de bhreis ar 38.5 uair sa tseachtain (féach, chuige sin, breithiúnas an 27 Bealtaine 2004, Elsner-Lakeberg, C-285/02, EU:C:2004:320, mír 17).

43 Ba cheart a mheabhrú, de réir cásdlí socair, nach mór luach saothair oibrithe páirtaimseartha a bheith comhionann le luach saothair oibrithe lánaimseartha, faoi réir chur i bhfeidhm an phrionsabail pro rata temporis, dá bhforáiltear i gClásal 4(2) den Chomhaontú Réime (breithiúnas an 19 Deireadh Fómhair 2023, Lufthansa CityLine, C-660/20, EU:C:2023:789, mír 53 agus an cásdlí dá dtagraítear).

44 Dá bhrí sin, faoi réir fíoraithe ag an gcúirt a rinne an tarchur, a mhéid, i gcás daoine atá ag obair mar chúntóirí cúraim páirtaimseartha, amhail na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí, ní dhéantar líon na n-uaireanta oibre a fhaigheann siad pá breise ina leith a laghdú temporis pro rata de réir fad na fostaíochta arna gcomhaontú ina aonair ina gconarthaí fostaíochta, dealraíonn sé go gcaitear leo ‘ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna’ ná daoine atá ag obair mar chúntóirí cúraim lánaimseartha, rud atá toirmiscthe faoi Chlásal 4(1) den Chomhaontú Réime, mura bhfuil bonn cirt leis an difríocht sa chóir ar ‘forais oibiachtúla’ de réir bhrí an chlásail sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 19 Deireadh Fómhair 2023, Lufthansa CityLine, C-660/20, EU:C:2023:789, mír 49 agus an cásdlí dá dtagraítear).

45 Chuige sin, is faoin gcúirt a rinne an tarchur a bheidh sé a chinneadh, ag féachaint do na fachtóirí ábhartha go léir, an féidir a mheas go bhfuil bonn cirt leis an difríocht sa chóir atá i gceist sna príomhimeachtaí a shuigh sí ar ‘forais oibiachtúla’.

46 Ón taobh sin de, ní mór a mheabhrú, cé, i gcomhthéacs Airteagal 267 CFAE, nach bhfuil aon dlínse ag an gCúirt chun measúnú a dhéanamh ar na fíorais agus rialacha dhlí an Aontais a chur i bhfeidhm ar chás áirithe, is faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sí gach faisnéis is gá a sholáthar don chúirt a rinne an tarchur d’fhonn treoir a chur ar fáil sa chinneadh sin (breithiúnas an 19 Deireadh Fómhair 2023, Lufthansa CityLine, C-660/20, EU:C:2023:789, mír 55 agus an cásdlí dá dtagraítear).

47 Chuige sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go gceanglaítear leis an gcoincheap ‘forais oibiachtúla’ de réir bhrí Chlásal 4(1) den Chomhaontú Réime go bhfuil údar leis an difríocht sa chóir a fhaightear mar gheall ar thosca beachta agus sonracha a bheith ann mar shaintréith den chaidreamh fostaíochta atá i gceist, sa chomhthéacs ar leith ina dtarlaíonn sé agus ar bhonn critéir oibiachtúla thrédhearcacha, d’fhonn a áirithiú an bhfreagraíonn an difríocht sin sa chóir d’fhíorghá, a bheith iomchuí chun an cuspóir atá á shaothrú a bhaint amach agus atá riachtanach chun na críche sin. D’fhéadfadh na heilimintí sin a bheith mar thoradh, go háirithe, ar chineál ar

leith na gcúraimí ar lena ndéanamh a tugadh conarthaí páirtaimseartha i gcrích agus ar shaintréithe bunúsacha na gcúraimí sin nó, de réir mar a bheidh, ar chuspóir dlisteanach beartais shóisialta de chuid Ballstáit a shaothrú (breithiúnas an 19 Deireadh Fómhair 2023, Lufthansa CityLine, C-660/20, EU:C:2023:789, mír 58 agus an cásdlí dá dtagraítear).

48 Sa chás seo, níl an chúirt a rinne an tarchur cinnte an bhfuil, ar an gcéad dul síos, an ionann an cuspóir d'fhostóirí a dhíspreagadh ó éileamh ar oibrithe ragobair a dhéanamh de bhreis ar na huaireanta oibre arna gcomhaontú ina n-aonar do na hoibrithe sin agus, ar an dara dul síos, an ionann an cuspóir de chosc a chur ar chaitheamh le hoibrithe lánaimseartha ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna le hoibrithe páirtaimseartha, agus 'forais oibiachtúla' de réir bhrí Chlásal 4(1) den Chomhaontú Réime.

49 Maidir leis an gcéad cheann de na cuspóirí sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil sé de thoradh ar chur i bhfeidhm na reachtaíochta náisiúnta atá i gceist sna príomhimeachtaí ná gur lú an t-ualach airgeadais ar an bhfostóir na huaireanta a oibríonn oibrithe páirtaimseartha de bhreis ar na gnáthuaireanta oibre arna gcomhaontú ina gconarthaí fostaíochta, gan dul thar na gnáthuaireanta oibre a shocraítear d'oibrí lánaimseartha, is é sin le rá, 38.5 uair sa tseachtain, ná an líon céanna uaireanta ragoibre a oibríonn oibrí lánaimseartha, i bhfianaise nach dtugtar forlíonadh leis na huaireanta sin. I gcás oibrithe páirtaimseartha, cruthaítear leis an reachtaíocht sin a mhalairt d'iarmhairt ná mar atá á lorg, toisc, mar a chuireann an chúirt a rinne an tarchur in iúl, go spreagtar fostóirí i ndáiríre ragobair a ghearradh ar oibrithe páirtaimseartha seachas ar oibrithe lánaimseartha.

50 Tá sé mar thoradh air sin nach bhféadtar, i gcás oibrithe páirtaimseartha, le tairseach aonfhoirmeach a leagan síos d'oibrithe páirtaimseartha agus d'oibrithe lánaimseartha maidir le pá ragoibre a dheonú, an cuspóir a bhaint amach d'fhostóirí a dhíspreagadh ó éileamh ar oibrithe ragobair a dhéanamh.

51 Maidir leis an dara ceann de na cuspóirí dá dtagraítear i mír 48 den bhreithiúnas seo, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféachtar leis an gcuspóir sin le cóir a líomhnaítear a bheith neamhfhabhrach d'oibrithe lánaimseartha i ndáil le hoibrithe páirtaimseartha a sheachaint. Tá an réasúnaíocht is bun leis an gcuspóir sin bunaithe ar an réamhleagan trí dhualgas a chur ar fhostóir a éilíonn ar oibrí páirtaimseartha ragobair a dhéanamh pá breise a íoc leis an oibrí sin amhail ón gcéad uair an chloig oibre a dhéanann an t-oibrí sin de bhreis ar na huaireanta oibre arna gcomhaontú ina n-aonar ina chonradh nó ina conradh fostaíochta, mar a dhéanann sé d'oibrithe lánaimseartha, go bhfágtar gur lú fabhar a chaitear leis na hoibrithe deiridh sin. Tá an réamhleagan sin mícheart, ós rud é, sa chás sin, go gcaithfí le hoibrithe lánaimseartha, maidir le ragobair, ar an mbealach céanna le hoibrithe páirtaimseartha, faoi réir chur i bhfeidhm an phrionsabail pro rata temporis.

52 Dá bhrí sin, níl an cumas ach an oiread ag an dara cuspóir sin údar a thabhairt don difríocht sa chóireáil atá i gceist sna príomhimeachtaí.

53 I bhfianaise an mhéid sin go léir, is é an freagra ar an gceathrú agus ar an gcúigiú ceist ná nach mór Clásal 4(1) agus (2) den Chomhaontú Réime a léiriú ar bhealach a chiallaíonn gurb'ionann reachtaíocht náisiúnta faoina ndéantar tuarastal breise le haghaidh ragoibre a sholáthar, d'oibrithe páirtaimseartha, i gcás uaireanta an chloig a oibríodh de bhreis ar na gnáthuaireanta oibre a leagtar síos d'oibrithe lánaimseartha i gcás inchomparáide, agus sa chás sin amháin, agus cóir 'níos mífhabhraí' d'oibrithe páirtaimseartha, de réir bhrí Chlásal 4(1), rud nach féidir údar a thabhairt leis tríd an gcuspóir a shaothrú, ar an gcéad dul síos, fostóirí a dhíspreagadh ó cheangal

a chur ar oibrithe ragobair a dhéanamh thar na huaireanta oibre a comhaontaíodh ina n-aonar ina gconarthaí fostaíochta agus, ar an dara dul síos, an cuspóir cosc a chur ar chaitheamh le hoibrithe lánaimseartha ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna le hoibrithe páirtaimseartha.

An chéad cheist, an dara ceist agus an tríú ceist

54 Lena chéad, dara agus tríú ceist, arb iomchuí iad a scrúdú le chéile agus sa dara háit, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 157 CFAE agus Airteagal 2(1)(b) agus an chéad mhír d'Airteagal 4 de Threoir 2006/54 a léiriú sa chaoi, ar an gcéad dul síos, gurb'ionann reachtaíocht náisiúnta faoina soláthraítear íocaíocht d'fhorlíonadh le haghaidh ragoibre, d'oibrithe páirtaimseartha, i gcás uaireanta an chloig amháin a oibrítear de bhreis ar na gnáthuaireanta oibre atá socraithe d'oibrithe lánaimseartha i gcás inchomparáide agus idirdhealú indíreach ar bhonn inscne fiú má bhíonn cion i bhfad níos mó ban faoi mhíbhuntáiste ná fir i measc oibrithe lánaimseartha, agus, ar an dara dul síos, gur féidir údar a thabhairt le hidirdhealú den sórt sin tríd an gcuspóir a shaothrú, is é sin, an fostóir a dhíspreagadh ó cheangal ar oibrithe ragobair a dhéanamh thar an am oibre arna chomhaontú ina gconarthaí fostaíochta, nó tríd an gcuspóir cosc a chur ar chaitheamh le hoibrithe lánaimseartha ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna le hoibrithe páirtaimseartha.

55 Faoi Airteagal 157(1) CFAE, 'áiritheoidh gach Ballstát cur chun feidhme an phrionsabail go bhfuil pá comhionann as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach ag dul d'oibrithe fireanna agus d'oibrithe baineanna'. Ina theannta sin, sonraítear sa chéad mhír d'Airteagal 4 de Threoir 2006/54 'cuirfear deireadh le hidirdhealú díreach agus indíreach ar bhonn gnéis i ndáil le gach gné agus gach coinníoll luacha saothair as an obair chéanna nó an obair dá dtugtar an luach comhionann'.

Sainmhínítear in Airteagal 2(1)(b) den treoir sin coincheap 'idirdhealú indíreach' mar an staid 'ina gcuirfeadh foráil, critéar nó cleachtas a dhealraíonn a bheith neodrach daoine d'inscne amháin faoi mhíbhuntáiste ar leith i gcomparáid le daoine den inscne eile, ach amháin má tá údar oibiachtúil leis an bhforáil, leis an gcritéar nó leis an gcleachtas sin ar mhaithe le haidhm dhlisteanach, agus má tá na modhanna chun an aidhm sin a bhaint amach iomchuí agus riachtanach'.

56 I dtaca leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 33 dá Thuairim, nach bhfuil idirdhealú díreach i gceist le reachtaíocht náisiúnta amhail an ceann atá i gceist sna príomhimeachtaí, ós rud é go bhfuil feidhm aige gan idirdhealú maidir le hoibrithe fir agus ban.

57 Ar an dara dul síos, maidir leis an gceist an bhfuil idirdhealú indíreach ann mar thoradh ar an reachtaíocht sin, de réir bhrí Airteagal 157 CFAE agus Threoir 2006/54, ní mór a mheabhrú, sa chéad áit, go gcuirtear le reachtaíocht amhail an reachtaíocht náisiúnta i gceist sna príomhimeachtaí, mar a aimsítear i mír 44 den bhreithiúnas seo, oibrithe páirtaimseartha faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid le hoibrithe lánaimseartha sa mhéid is nach bhfuil na hoibrithe páirtaimseartha i dteideal pá breise do na huaireanta a oibríonn siad de bhreis ar an am oibre arna chomhaontú ina gconarthaí fostaíochta nuair nach sáraítear na gnáthuaireanta oibre socraithe d'oibrithe lánaimseartha, is é sin le rá, 38.5 uair sa tseachtain, ach go bhfaigheann na hoibrithe lánaimseartha sin pá breise ón gcéad uair a oibrítear de bhreis ar na 38.5 uair sa tseachtain.

58 Sa dara háit, ionas gurb'ionann beart atá neodrach de réir dealraimh agus idirdhealú indíreach, de réir bhrí na bhforálacha sin, ní mór go mbeadh de thoradh air, go praiticiúil, daoine d'inscne amháin a chur faoi mhíbhuntáiste ar leith i gcomparáid le daoine den inscne eile. Chuige sin, leanann sé ó aithris 30 de Threoir 2006/54 agus ó chásdlí na Cúirte gur faoi chúram an údaráis bhreithiúnaigh náisiúnta atá sé an tuiscint ar na fíorais ónar féidir a thoimhdiú go ndearnadh idirdhealú díreach nó indíreach, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó le cleachtais náisiúnta a fhéadfaidh a fhoráil, go háirithe, go bhféadfar idirdhealú indíreach a shuíomh ar aon mhodh, lena n-áirítear ar bhonn fianaise staidrimh (breithiúnas an 3 Deireadh Fómhair 2019, Schuch-Ghannadan, C-274/18, EU:C:2019:828, mír 46 agus an cásdlí dá dtagraítear).

59 Maidir le fianaise staidrimh, ba cheart a mheabhrú, ar an gcéad dul síos, gur faoin gcúirt náisiúnta atá sé measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá an staidreamh sin a tugadh os a comhair maidir le staid an lucht saothair bailí agus an féidir iad a chur san áireamh, is é sin le rá, an léirítear leis, mar shampla, feiniméin dothuartha nó ghearrthéarmacha amháin agus an cosúil go bhfuil siad suntasach go ginearálta (breithiúnas an 3 Deireadh Fómhair 2019, Schuch-Ghannadan, C-274/18, EU:C:2019:828, mír 48 agus an cásdlí dá dtagraítear).

60 Ina dhiaidh sin, i gcás ina bhfuil fianaise den sórt sin ag an gcúirt náisiúnta, is cásdlí socair é, ar an gcéad dul síos, go gcaithfidh sí na hoibrithe go léir atá faoi réir na reachtaíochta náisiúnta as a dtagann an difríocht sa chóir a chur san áireamh agus, ar an dara dul síos, gurb é an modh comparáide is fearr is féidir ná comparáid a dhéanamh idir cion na bhfear faoi seach sa lucht saothair a bhfuil agus nach bhfuil tionchar ag an riail atá i gceist orthu agus an cion céanna de mhná sa lucht saothair a bhfuil agus nach bhfuil tionchar aici orthu (breithiúnais an 6 Nollaig 2007, Voß, C-300/06, EU:C:2007:757, mír 41 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 3 Deireadh Fómhair 2019, Schuch-Ghannadan, C-274/18, EU:C:2019:828, mír 47 agus an cásdlí dá dtagraítear).

61 Sa chás seo, is léir ó na horduithe tarchuir, a thagraíonn d'fhianaise staidrimh a chuir an cosantóir ar fáil sna príomhimeachtaí, go bhfostaíonn sé níos mó ná 5 000 duine ar a láithreáin go léir, agus is mná iad 76.96% díobh. As na hoibrithe sin go léir, oibríonn 52.78% go páirtaimseartha. I measc na n-oibrithe páirtaimseartha, is mná iad 84.74% díobh agus is fir iad 15.26% díobh, agus laistigh den ghrúpa oibrithe lánaimseartha, is mná iad 68.20% díobh agus is fir iad 31.80% díobh. Mar thoradh air sin, tá tromlach na n-oibrithe ban sa ghrúpa atá 'faoi bhuntáiste' agus sa ghrúpa atá 'faoi mhíbhuntáiste' de bharr na reachtaíochta náisiúnta atá i gceist sna príomhimeachtaí.

62 I gcás den sórt sin, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an bhféadfaí idirdhealú indíreach a aimsiú fiú mura bhfuil líon i bhfad níos airde fear ná ban sa ghrúpa oibrithe lánaimseartha nach bhfuil faoin míbhuntáiste sin.

63 Chuige sin, ba cheart a mheabhrú, mar a luann an tAbhcóide Ginearálta i bpointe 36 go pointe 40 dá Thuairim, nach ndéantar tagairt do ghnéithe cainníochtúla sa scrúdú ar idirdhealú indíreach leis an sainmhíniú ar an gcoincheap 'idirdhealú indíreach', atá leagtha amach in Airteagal 2(1)(b) de Threoir 2006/54, ina n-úsáidtear na téarmaí céanna leis na téarmaí atá sa dara fleasc d'Airteagal 1(2) de Threoir 2002/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2002 lena leasaítear Treoir 76/207/CEE ón gComhairle i ndáil le prionsabal na córa comhionainne idir mná agus fir a chur chun feidhme maidir le rochtain ar an bhfostaíocht, ar an ngairmoiliúint agus ar ardú céime, agus maidir le dálaí oibre (IO 2002 L 269, lch. 15), ná ní dhéantar tagairt dóibh sna forálacha eile de Threoir 2006/54 ach an oiread. Leis an sainmhíniú sin, glactar cur chuige cáilíochtúil ar dá réir atá sé tábhachtach a aimsiú an bhfuil an cumas ag an mbeart náisiúnta atá i gceist, de bharr a chineáil, daoine d'aon inscne a chur 'faoi mhíbhuntáiste ar

leith' i gcomparáid le daoine den inscne eile. Dá bhrí sin ní mór don chúirt náisiúnta na fachtóirí ábhartha go léir de chineál cáilíochtúil a scrúdú chun a chinneadh an bhfuil míbhuntáiste den sórt sin ann, ag cur san áireamh na hoibrithe go léir atá faoi réir na reachtaíochta náisiúnta ar a bhfuil an difríocht sa chóir atá i gceist bunaithe.

64 Sa chomhthéacs sin, níl san fhianaise staidrimh ach fachtóir amháin i measc nithe eile a bhféadfaidh an chúirt náisiúnta leas a bhaint astu agus a dtagraíonn an Chúirt di, i gcás inarb ann di, chun a shuíomh go bhfuil idirdhealú indíreach ann i gcomhthéacs chur chun feidhme phrionsabal na córa comhionainne idir mná agus fir. Mar sin, de réir chásdlí socair na Cúirte, is féidir a shuíomh go bhfuil míbhuntáiste ar leith den sórt sin ann, mar shampla, dá gcruthófaí go bhfuil cion i bhfad níos mó daoine d'aon inscne i gcomparáid le daoine den inscne eile faoi mhíbhuntáiste de bharr na reachtaíochta náisiúnta (breithiúnas an 5 Bealtaine 2022, BVAEB, C-405/20, EU:C:2022:347, mír 49 agus an cásdlí dá dtagraítear).

65 I dtaca leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar dtús, de réir fhíorfhoclaíocht Airteagal 2(1)(b) de Threoir 2006/54, nach dtagraíonn idirdhealú indíreach ach d'fhoráil, do chritéar nó do chleachtas a [chuirfeadh] daoine d'inscne amháin faoi mhíbhuntáiste' i gcomparáid le daoine den inscne eile. Mar thoradh air sin, leanann sé ó théarmaí na forála sin go bhféadfaí idirdhealú indíreach a shaintréithriú ag an bhfíoras amháin go gcuirtear daoine d'inscne amháin faoi mhíbhuntáiste ar leith i gcomparáid le daoine den inscne eile.

66 Ar an dara dul síos, mar a chuir an Coimisiún Eorpach in iúl, dealraíonn sé ón bhfianaise staidrimh a leagtar amach san iarraidh ar réamhrialú nach raibh ach 35 % de na hoibrithe fir atá fostaithe ag an gcosantóir sna príomhimeachtaí, faoi réir na reachtaíochta náisiúnta atá i gceist sna príomhimeachtaí, a oibríonn go páirtaimseartha agus a ndéanann an reachtaíocht sin difear dochrach dóibh, cé gur dealraitheach go bhfuil cion na n-oibrithe ban atá fostaithe aige, a oibríonn go páirtaimseartha agus a ndéanann an reachtaíocht sin difear dochrach dóibh, a bheith i bhfad níos airde, rud atá don chúirt a rinne an tarchur a aimsiú.

67 Leanann sé as sin, ionas go bhféadfar idirdhealú indíreach ar bhonn inscne a shuíomh in imthosca amhail na cinn sna príomhimeachtaí, nach gá go mbeadh, i measc na bhfostaithe lánaimseartha, i bhfad níos mó fear ná mná i gcás go ndéantar na coinníollacha, a eascraíonn as an gcásdlí dá dtagraítear i míreanna 60 agus 64 den bhreithiúnas seo a shásamh.

68 Fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, sa chomhthéacs sin, an bhfuil breithiúnas an 26 Eanáir 2021, Szpital Kliniczny im. dra J. Babińskiego Samodzielny Publiczny Zakład Opieki Zdrowotnej w Krakowie (C-16/19, EU:C:2021:64, míreanna 25 go 36), ábhartha sa chás seo, ónar léir go bhfuil prionsabal na córa comhionainne, atá cumhdaithe i dTreoir 2000/78, beartaithe chun oibrí faoi mhíchumas a chosaint, de réir bhrí na treorach sin, ó aon idirdhealú ar bhonn an mhíchumais sin, ní hamháin maidir le hoibrithe nach bhfuil faoi mhíchumas, ach freisin i ndáil le hoibrithe eile faoi mhíchumas.

69 Chuige sin, is leor a thabhairt faoi deara, sa chás ba bhun leis an mbreithiúnas a luadh sa mhír roimhe seo, nach mbaineann an difríocht sa chóir ach le baill den ghrúpa cosanta céanna de réir bhrí Threoir 2000/78, eadhon oibrithe faoi mhíchumas, ach, sna cásanna sna príomhimeachtaí, baineann an difríocht sin le hoibrithe ban i gcomparáid le hoibrithe fir. Dá bhrí sin, níl an breithiúnas sin ábhartha maidir leis an bhfreagra atá le tabhairt ar an gcéad cheist, an dara ceist ná ar an tríú ceist.

70 Mar thaca le léiriú den sórt sin, tá cásdlí na Cúirte maidir le Treoir 79/7/CEE ón gComhairle an 19 Nollaig 1978 maidir le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí slándála sóisialta a chur chun feidhme de réir a chéile (IO 1979 L 6, lch. 24). Chinn an Chúirt nach bhféadfadh feidhm a bheith ag an gcoincheap 'idirdhealú … ar bhonn inscne' in Airteagal 4(1) den Treoir sin ach amháin maidir le cásanna idirdhealaithe idir oibrithe fir, ar thaobh amháin, agus oibrithe ban, ar an taobh eile, agus nach bhféadfaí a thuiscint gur foráil de dhlí an Aontais í lena ráthaítear cóir chomhionann sa chiall is leithne, is é sin le rá, freisin, idir daoine den inscne chéanna (breithiúnas an 12 Bealtaine 2021, INSS (Forlíonadh pinsin do mháithreacha – II), C-130/20, EU:C:2021:381, mír 21 agus mír 22).

71 Ar an tríú dul síos, má thagann an chúirt a rinne an tarchur, ar bhonn sonraí staidrimh arna dtáirgeadh ag an gcosantóir sna príomhimeachtaí agus, de réir mar a bheidh, fíorais ábhartha eile, ar an gconclúid go gcuirtear leis an reachtaíocht náisiúnta atá i gceist sna príomhimeachtaí oibrithe ban faoi mhíbhuntáiste ar leith i gcomparáid le hoibrithe fir, bheadh reachtaíocht den sórt sin contrártha le hAirteagal 2(1)(b) de Threoir 2006/54 mura bhfuil bonn cirt oibiachtúil leis le haidhm dhlisteanach agus mura bhfuil na modhanna chun an aidhm sin a bhaint amach iomchuí agus riachtanach (breithiúnas an 3 Deireadh Fómhair 2019, Schuch-Ghannadan, C-274/18, EU:C:2019:828, mír 49).

72 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú gur léir ó mhíreanna 44 go 52 den bhreithiúnas seo nach bhféadtar údar a thabhairt le cóir 'níos mífhabhraí' le hoibrithe páirtaimseartha i ndáil le hoibrithe lánaimseartha, a eascraíonn as reachtaíocht amhail an reachtaíocht náisiúnta atá i gceist sna príomhimeachtaí, trí shaothrú an chuspóra, ar an gcéad dul síos, d'fhostóirí a dhíspreagadh ó éileamh ar oibrithe ragobair a dhéanamh de bhreis ar an am oibre arna chomhaontú ina aonar ina gconarthaí fostaíochta agus, ar an dara dul síos, de chosc a chur ar chaitheamh le hoibrithe lánaimseartha ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna le hoibrithe páirtaimseartha. Tá feidhm ag an léiriú sin, *mutatis mutandis*, maidir leis an mbonn cirt le hidirdhealú indíreach ar bhonn inscne, dá dtagraítear in Airteagal 2(1)(b) agus sa chéad mhír d'Airteagal 4 de Threoir 2006/54, a eascraíonn as an reachtaíocht sin.

73 Leanann sé ón méid sin thuas gurb é an freagra ar an gcéad go dtí an tríú ceist ná nach mór Airteagal 157 CFAE agus Airteagal 2(1)(b) agus an chéad mhír d'Airteagal 4 de Threoir 2006/54 a léiriú sa chaoi, ar an gcéad dul síos, gurb'ionann reachtaíocht náisiúnta faoina soláthraítear tuarastal breise le haghaidh ragoibre, d'oibrithe páirtaimseartha, i gcás uaireanta an chloig amháin a oibrítear de bhreis ar na gnáthuaireanta oibre atá socraithe d'oibrithe lánaimseartha i gcás inchomparáide agus idirdhealú indíreach ar bhonn inscne má shuitear go gcuirtear leis an reachtaíocht sin cion i bhfad níos mó ban faoi mhíbhuntáiste ná fir gan é a bheith riachtanach freisin don ghrúpa oibrithe nach bhfuil faoi mhíbhuntáiste ag an reachtaíocht sin, eadhon oibrithe lánaimseartha, is é sin le rá, líon i bhfad níos airde fear ná mná, agus, ar an dara dul síos, ní féidir údar a thabhairt le hidirdhealú den sórt sin tríd an gcuspóir a shaothrú, is é sin, an fostóir a dhíspreagadh ó cheangal ar oibrithe ragobair a dhéanamh thar an am oibre arna chomhaontú ina gconarthaí fostaíochta, nó tríd an gcuspóir cosc a chur ar chaitheamh le hoibrithe lánaimseartha ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna le hoibrithe páirtaimseartha.

Costais

74 Ós rud é, a mhéid a bhaineann leis na príomhpháirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Chéad Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. **Maidir le Clásal 4(1) agus (2) den Chomhaontú Réime maidir le hobair pháirtaimseartha, a tugadh i gcrích an 6 Meitheamh 1997, atá i gceangal le Treoir 97/81/CE ón gComhairle an 15 Nollaig 1997 i ndáil leis an gComhaontú Réime maidir le hobair pháirtaimseartha arna thabhairt i gcrích ag UNICE, CEEP agus ETUC,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   is ionann reachtaíocht náisiúnta faoina ndéantar tuarastal breise le haghaidh ragoibre a sholáthar, d'oibrithe páirtaimseartha, i gcás uaireanta an chloig a oibríodh de bhreis ar na gnáthuaireanta oibre a leagtar síos d'oibrithe lánaimseartha i gcás inchomparáide, agus sa chás sin amháin, agus cóir 'níos mífhabhraí' d'oibrithe páirtaimseartha, de réir bhrí Chlásal 4(1), rud nach féidir údar a thabhairt leis trí leanúint leis an gcuspóir, ar an gcéad dul síos, fostóirí a dhíspreagadh ó cheangal a chur ar oibrithe ragobair a dhéanamh thar na huaireanta oibre a comhaontaíodh ina n-aonar ina gconarthaí fostaíochta agus, ar an dara dul síos, an cuspóir cosc a chur ar chaitheamh le hoibrithe lánaimseartha ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna le hoibrithe páirtaimseartha.

2. **Maidir le hAirteagal 157 CFAE agus Airteagal 2(1)(b) agus an chéad mhír d'Airteagal 4 de Threoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas,

   ar an gcéad dul síos, is ionann reachtaíocht náisiúnta faoina soláthraítear tuarastal breise le haghaidh ragoibre, d'oibrithe páirtaimseartha, i gcás uaireanta an chloig amháin a oibrítear de bhreis ar na gnáthuaireanta oibre atá socraithe d'oibrithe lánaimseartha i gcás inchomparáide agus idirdhealú indíreach ar bhonn inscne má shuitear go gcuirtear leis an reachtaíocht sin cion i bhfad níos mó ban faoi mhíbhuntáiste ná fir gan é a bheith riachtanach freisin don ghrúpa oibrithe nach bhfuil faoi mhíbhuntáiste ag an reachtaíocht sin, eadhon oibrithe lánaimseartha, is é sin le rá, líon i bhfad níos airde fear ná mná, agus, ar an dara dul síos, ní féidir údar a thabhairt le hidirdhealú den sórt sin tríd an gcuspóir a shaothrú, is é sin, an fostóir a dhíspreagadh ó cheangal ar oibrithe ragobair a dhéanamh thar an am oibre arna chomhaontú ina gconarthaí fostaíochta, nó tríd an gcuspóir cosc a chur ar chaitheamh le hoibrithe lánaimseartha ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna le hoibrithe páirtaimseartha.

[Sínithe]